



## Preasráiteas

Lucsamburg, 17 Bealtaine 2022

### Tá gá le bainistíocht agus infheictheacht níos fearr maidir le tacaíocht ón Aontas chun cabhrú le gnólachtaí beaga oibriú go hidirnáisiúnta

De réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, tá na príomhbhacainní roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide an Aontais (FBManna) sainaitheanta ag an gCoimisiún Eorpach agus tá go leor bearta curtha i bhfeidhm aige chun cabhrú leo a ngnó a leathnú amach go margaí idirnáisiúnta laistigh agus lasmuigh den Aontas. Mar sin féin, bíonn easpa comhleanúnachais agus infheictheachta ag gabháil leis na bearta sin uaireanta, agus ní dhéanann an Coimisiún iad a chomhordú chomh maith sin i gcónaí le cláir na mBallstát féin. Maidir le tionscnamh suaitheanta de chuid an Choimisiúin an Líonra Fiontar Eorpach (EEN), lena gcuirtear líonra tacaíochta ar fáil do FBManna a bhfuil mianta idirnáisiúnta acu, tá gá le cumhdach níos fearr i dtíortha nach bhfuil san Aontas. Ag an am céanna, maidir le *StartUp Europe*, ar tionscnamh eile níos lú é agus a dhíríonn go háirithe ar ghnólachtaí nuathionscanta ardteicneolaíochta, tá gá le tuilleadh leanúnachais go fadtéarmach ina ngníomhaíochtaí.

Is iad FBManna, nó gnólachtaí a fhostaíonn níos lú ná 250 oibreoir, cloch choirnéil gheilleagar an Aontais Eorpaigh, agus is ionann iad agus 99 % de ghnólachtaí uile an Aontais. Lasmuigh den earnáil airgeadais, soláthraíonn siad dhá thrian de phoist i ngnó, agus gineann siad níos mó ná leath de tháirgeadh gheilleagar an Aontais. Ní áirítear ach 30 % d'onnmhairí an Aontais leo áfach. Níl FBManna chomh gníomhach leis na gnólachtaí móra sna margaí idirnáisiúnta. Bíonn siad aineolach ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar thacaíocht phoiblí go minic, agus go simplí, is ionduil nach mbíonn an fios gnó riachtanach acu. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá líon mór clár tacaíochta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. In 2011, ghlac sé straitéis AE maidir le hidirnáisiúnú FBManna, a raibh sé mar aidhm aici feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar chomhordú na tacaíochta atá ann faoi láthair.

*“Is gnólachtaí móra iad gnólachtaí beaga don Aontas Eorpach. Trí thrádáil a dhéanamh ar fud na hEorpa agus easpórtáil a dhéanamh lasmuigh dá teorannacha, féadfaidh siad rannchuidiú níos mó fós le geilleagar an Aontais,”* a dúirt Ivana Maletić, Comhalta CIE atá i gceannas na tuarascála. *“Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis faoi idirnáisiúnú FBManna a chur ar fáil ar bhealach níos éasca agus a gcláir a dhéanamh níos giorra do FBManna Eorpacha, nach bhfuil eolach fós ar go leor de na hionstraimí agus tionscadail atá ann faoi láthair.”*

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu).

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)

Fuair na hiniúcháirí amach gur fhan cur chun feidhme na straitéise neamhchríochnaithe. Cé gur éirigh leis an gCoimisiún príomhbhearta a chur i bhfeidhm go páirteach ar a laghad, amhail an tairseach faisnéise ar líne do chomhlachtaí easpórtála (*Access2Markets*) a fhorbairt, níor éirigh go maith le gníomhaíochtaí tábhachtacha chun bearta a dhéanamh ar bhealach níos comhleanúnaí ar leibhéal AE agus ar leibhéal Ballstát. Go háirithe, níor chuir an Coimisiún fardal cothrom le dáta ar fáil de bhearta chun bearnaí, forluí agus sinéirgí a shainaithint. Cáineann na hiniúcháirí freisin an comhleanúnachas maidir le go leor gníomhaíochtaí AE a thugann aghaidh ar riachtanais idirnáisiúnaithe FBManna, leis an argóint go bhfuil easpa comhordaithe ann ar go leor leibhéal, lena n-áirítear gníomhaíochtaí idir an tAontas agus na Ballstáit. Tugann siad faoi deara chomh maith nár thug an Coimisiún aghaidh go maith i gcónaí ar inbhuanaitheacht airgeadais sna cláir tacaíochta, agus roinnt clár cealaithe in ainneoin torthaí maithe á mbaint amach acu. Maidir le múscailt feasachta, tá rochtain níos éasca ar fhaisnéis ann anois faoi thacaíocht d'idirnáisiúnú. Ní chuirtear na buntáistí a bhaineann le comhaontais saorthrádála (FTAnna) chun cinn go leordhóthanach, áfach, ar nithe ríthábhachtacha iad ach casta do FBManna.

Fuair na hiniúcháirí amach gur bhain EEN a spriocanna amach, ach go raibh tuilleadh iarrachtaí ag teastáil uaidh chun feabhas a chur ar a infheictheacht, ar a chomhordú, ar a chumhdach i dtíortha nach bhfuil san Aontas, agus ar thógáil acmhainní chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do FBManna teacht ar airgeadas agus tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le FTAnna. Bhí éagsúlacht ann i bhfeidhmíocht EEN ó thír go tír agus i gcuibhreannais, agus cé go raibh ardmheas ar obair roinnt ionad comhair gnó lasmuigh den Aontas (e.g. an t-ionad AE-na Seapáine), cáineadh cuid eile as a ndrochsheirbhís agus drochfhreagrúlacht. Thuairiscigh na baill EEN freisin go raibh láithreach na n-ionad neamhleor i dtíortha ar eochairpháirtithe trádála iad, an tSín san áireamh. Maidir leis an tionscnamh *Startup Europe*, fuair na hiniúcháirí amach nár thug sé aghaidh ar riachtanais ghnólachtaí nua ach amháin sa ghearrthéarma, óir stad na tionscadail chistithe go léir nuair a tháinig deireadh leis an deontas agus bhí saincheisteanna inbhuanaitheachta ginearálta i gceist leis na gníomhaíochtaí uile. Bhí comhar leis na hionstraimí eile teoranta agus bhí gnólachtaí beaga faighte ag gnólachtaí móra lasmuigh den Aontas uaireanta de bharr an tionscnaimh, rud a thagann salach ar an sprioc chun cabhair a thabhairt do chuideachtaí fás go hidirnáisiúnta agus iad ag fanacht san Aontas. Iarann na hiniúcháirí ar an gCoimisiún freisin feabhas a chur ar fhaireachán na dtorthaí chun measúnú a dhéanamh a mhéid a rannchuidigh an tionscnamh ina iomláine d'idirnáisiúnú FBManna.

### Faisnéis chúlra

Tá os cionn 20 milliún FBM sna Ballstáit AE, lena bhfostaítear thart ar 100 milliún duine. Is éard atá i gceist le FBManna ná gnólachtaí a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe iontu agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil acu nach mó ná € 50 milliún nó clár comhardaithe bliantúil nach mó ná € 43 milliún. Is éard atá san idirnáisiúnú ná an próiseas trína dtagann cuideachtaí chun bheith rannpháirteach i margáid idirnáisiúnta, trí bhíthin onnmhairí go príomha. Ba ionann ranníocaíocht AE a dhírigh go sonrach ar idirnáisiúnú FBManna agus thart ar € 850 milliún le linn na tréimhse 2014-2020, lena n-áirítear thart ar €450 milliún le haghaidh LFE agus €30 milliún le haghaidh *Startup Europe*. Cuireann bearta AE leis sin a chumhdaíonn idirnáisiúnú FBManna mar cheann de go leor réimsí (e.g. Cistí SIE, CEIS agus Fís 2020). Is iad EEN agus *Startup Europe* na chéad phointí teagmhála do FBManna Eorpacha agus do ghnólachtaí nuathionscanta atá ag dul sa tóir ar thacaíocht chomhairleach agus ar líonrú don onnmhairiú. Faoi dheireadh 2020, bhí os cionn 625 eagraíocht comhpháirtíochta ag EEN, amhail gníomhaireachtaí forbartha réigiúnacha, comhlachais tráchtála, nó institiúidí taighde i 65 thír, curtha i ngrúpaí de réir cuibhreannais réigiúnacha. Chuir

*Startup Europe 22* thionscadal chun cinn idir 2014 agus 2020, agus rinneadh teagmháil le breis agus 1 000 gnólacht. Tá tuarascáil speisialta 07/2022, “Ionstraimí idirnáisiúnaithe do FBManna: líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe”, ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte](#) agus is í an tuarascáil speisialta is déanaí í i sraith fhoilseacháin CIE a dhéanann scrúdú ar thacaíocht do FBManna. Áirítear tuarascálacha speisialta eile sa sraith, amhail [Aontas na Margaí Caipitil](#), [an Ionstraim FBManna](#), [caipiteal fiontair](#) agus [saoráid ráthaíochta FBManna](#). Foilseoidh an Chúirt tuarascáil speisialta go luath maidir le tacaíocht an Aontais d’[iomaíochas FBManna](#).

### **Teagmháil phreasa**

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) - Fón póca: (+352) 691 551 502